C/2024/1808

28.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11477 – QUATTROR / MASSIMO ZANETTI BEVERAGE GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1808)

1. An 20 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— QuattroR SGR S.p.A. ('QuattroR', an Iodáil), faoi rialú QR Partners S.r.l.,

— Massimo Zanetti Beverage Group S.p.A. ('MZBG', an Iodáil), faoi rialú deiridh Massimo Zanetti.

Gheobhaidh QuattroR rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar MZBG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta é QuattroR agus faoi láthair rialaíonn sé, go heisiach nó go comhpháirteach, gnóthais atá gníomhach i raon earnálacha éagsúla, amhail an innealtóireacht agus an lóistíocht, dáileadh tíleanna ceirmeacha agus dromchlaí balla, an faisean, laíon agus páipéar, próiseáil agus pacáistiú bia, feistí leighis, agus táirgí leictreonacha,

— Tá MZBG gníomhach i gcaife rósta a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú, caife a dháiltear ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11477 – QUATTROR / MASSIMO ZANETTI BEVERAGE GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË